Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Eanáir 2022
(OR. en)

15095/21

LIMITE

ECOFIN 1256
UEM 379

PUBLIC

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (cuid 2)/an Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le formheas an dréacht-dearaidh le haghaidh boinn comórtha 2 euro arna thíolacadh ag an bhFrainc |

1. De bhun Airteagal 10(1) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 729/2014 ón gComhairle an 24 Meitheamh 2014 maidir le hainmníochtaí agus sonraíochtaí teicniúla boinn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht[1] (dá ngairtear 'Rialachán ón gComhairle' anseo feasta), thíolaic an Fhrainc, trí Ardrúnaíocht na Comhairle, an dréacht-dearadh le haghaidh:

   – bonn comórtha nua 2 euro, a bhfuil sé beartaithe é a eisiúint in 2022, a bheidh tiomnaithe don Uachtarán Jacques Chirac (mar a leagtar amach in 15094/21 é).

2. I gcomhréir le hAirteagal 10(4) den Rialachán ón gComhairle, d'fhéadfadh aon Bhallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, i dtuairim réasúnaithe a chuirtear faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, cur i gcoinne an dréacht-dearaidh atá molta ag an mBallstát eisiúna, mura mbeidh a chuid saoránach féin sásta leis. I gcomhréir le hAirteagal 10(5) den Rialachán ón gComhairle, i gcás inar mheas an Coimisiún nach n-urramaítear na ceanglais theicniúla a leagtar amach sa Rialachán ón gComhairle leis an dréacht-dearadh, bheadh air measúnú diúltach a chur faoi bhráid na Comhairle.

[1] IO L 194, 2.7.2014, lch. 1.

3. Níor cuireadh aon tuairim réasúnaithe nó aon mheasúnú diúltach faoi bhráid na Comhairle faoin 3 Eanáir 2022, an teorainn ama arna socrú i gcomhréir le hAirteagal 10(4) agus (5) den Rialachán ón gComhairle.

4. Dá bhrí sin, de bhun Airteagal 10(6) den Rialachán ón gComhairle, meastar an cinneadh lena ndéantar an dearadh thuasluaite a fhormheas a bheith glactha ag an gComhairle an 4 Eanáir 2022[2].

5. Meabhraítear go bhfoilseoidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 10(8) den Rialachán ón gComhairle, an fhaisnéis ábhartha uile maidir le dearaí nua na mbonn atá i gcúrsaíocht náisiúnta in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe/ar an gComhairle an Nóta Faisnéise seo a thabhairt dá n-aire mar mhír 'I/A' ar chlár oibre na gcruinnithe a bheidh acu amach anseo.

---

[2] I dtaca leis an teorainn ama 7 lá agus an dáta glactha dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 729/2014 ón gComhairle, cinntear iad i gcomhréir le Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71 ón gComhairle an 3 Meitheamh 1971 lena gcinntear na rialacha is infheidhme maidir le tréimhsí, dátaí agus teorainneacha ama (IO L 124, 8.6.1971, lch. 1).